Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13506/21**

**ENV 812**
**FIN 865**
**IND 314**
**CHIMIE 111**
**SAN 651**
**AGRI 518**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Samhain 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12961/21 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal The Polluter Pays Principle: Inconsistent application across EU environmental policies and actions [An prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as: cur i bhfeidhm neamhréireach beartas agus gníomhaíochtaí comhshaoil an Aontais]<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3822ú cruinniú dá cuid, an 9 Samhain 2021.

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The Polluter Pays Principle: Inconsistent application across EU environmental policies and actions* [An prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as: cur i bhfeidhm neamhréireach beartas agus gníomhaíochtaí comhshaoil an Aontais]**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[1]:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2021 dar teideal *The Polluter Pays Principle: Inconsistent application across EU environmental policies and actions* [An prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as: cur i bhfeidhm neamhréireach beartas agus gníomhaíochtaí comhshaoil an Aontais] (‘an tuarascáil speisialta’);

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí agus na moltaí atá sa tuarascáil speisialta;

3. ADMHAÍONN SÍ gur rannchuidiú tráthúil é an tuarascáil speisialta é le huaillmhian an Aontais maidir le truailliú nialasach;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar astaíochtaí truailleán san aer, san uisce agus san ithir le blianta beaga anuas, ach gur dúshlán suntasach é an truailliú i gcónaí, a chuireann sláinte an duine agus an comhshaol, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, i mbaol;

5. CUIREANN SÍ I dTREIS ról tábhachtach an phrionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as chun damáiste don chomhshaol a sheachaint agus chun a áirithiú go gcuirfear an fhreagracht ar na truaillitheoirí as an truailliú a chruthaíonn siad; CUIREANN SÍ I dTREIS ról tábhachtach an phrionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as chun a áirithiú go n-aisghabhfar na costais a bhaineann le damáiste d’uisce, d’ithir agus d’éiceachórais;

[1] 7515/00 + COR 1.

6. ADMHAÍONN SÍ go léirítear an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as agus go gcuirtear i bhfeidhm é ar leibhéil éagsúla i mbeartais chomhshaoil éagsúla an Aontais agus i mBallstáit éagsúla; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcaithfear cur chun feidhme an phrionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a neartú agus feabhas a chur ar chomhsheasmhacht a chur i bhfeidhm chun uaillmhian an Aontais maidir le truailliú nialasach a bhaint amach, go háirithe maidir le huisce agus ithir; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar shubstaintí díobhálacha, i bhfianaise na substaintí ceimiceacha atá ann cheana, atá ag teacht chun cinn agus substaintí núíosacha ar ábhair imní iad, de réir mar is iomchuí;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an rún atá ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht chomhshaoil an Aontais mar a leagtar amach sna Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[2], an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Truailliú Nialasach[3], an Straitéis ceimiceán um an Inbhuaine[4] agus tionscnaimh ghaolmhara; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún torthaí agus moltaí na tuarascála speisialta i ndáil leis an méid sin a chur san áireamh;

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm an phrionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a áirithiú, ar prionsabal é ar ar cheart beartas comhshaoil an Aontas a bheith bunaithe agus ar cheart é a chomhtháthú i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí eile an Aontais, go háirithe i reachtaíocht ábhartha an Aontais agus ina chuid ionstraimí maoinithe, agus a áirithiú go nglacfaidh na hearnálacha is cúis leis an truailliú a sciar den fhreagracht; sa chomhthéacs sin CHUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ábharthacht na freagrachta táirgeora feadh slabhraí luacha domhanda agus saolré táirgí agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na cineálacha cur chuige sin a mheas i dtograí reachtacha a bheidh ann amach anseo, i gcás inarb infheidhme; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé measúnú tionchair a bheith ag gabháil le haon tograí reachtacha i gcomhréir leis na prionsabail a comhaontaíodh i dtaobh Rialáil Níos Fearr[5];

---

2 15051/19 + ADD 1 - COM(2019) 640 final.
3 8753/21 + ADD 1 - COM(2021) 400 final.
4 11976/20 + ADD 1 - COM (2020) 667 final.
5 Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na deacrachtaí a bhaineann leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur i bhfeidhm i gcás truailliú a thagann ó fhoinsí idirleata; mar sin féin, CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá measúnú a dhéanamh ar an raon feidhme maidir le comhtháthú an phrionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a neartú i ndáil le truailliú uisce idirleata ó gach foinse, lena n-áirítear ó fhoinsí talmhaíochta;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ról tábhachtach an phrionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as agus beartais phraghsála á socrú, amhail beartais phraghsála dramhaíola agus uisce, chun a áirithiú go n-aisghabhfar costas an bhainistithe dramhaíola agus na seirbhísí uisce ar bhealach éifeachtúil agus cóir;

11. AITHNÍONN SÍ go bhfuil treoracha agus rialacháin éagsúla de chuid an Aontais ann faoi láthair lena gcuirtear le truailliú ithreach a chosc agus a mhaolú, ach nach bhfuil aon chreat reachtach uileghabhálach ag an Aontas chun cosaint in aghaidh thruailliú na hithreach;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a léiriú i gceart leis an Straitéis ithreach atá ar na bacáin, chomh maith le prionsabal an réamhchúraim agus na prionsabail gur cheart bearta coisctheacha a dhéanamh, agus gur cheart damáiste don chomhshaol, mar thosaíocht, a leigheas ag an bhfoinse;

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Dliteanas Comhshaoil; IS DÍOL SÁSAIMH DI an treoraíocht a d'fhoilsigh an Coimisiún maidir leis an sainmhíniú ar 'damáiste don chomhshaol'[6], chomh maith le gníomhaithe a rinneadh faoi Líonra an Aontais Eorpaigh maidir le Dlí an Chomhshaoil a Chur Chun Feidhme agus a Fhorfheidhmiú, arb é is aidhm dóibh taithí i ndáil leis sin a roinnt;

---

6 *Commission Notice – Guidelines providing a common understanding of the term 'environmental damage' as defined in Article 2 of Directive 2004/35/EC of the European Parliament and of the Council on environmental liability with regard to the prevention and remedying of environmental damage 2021/C 118/01, C/2021/1860* [Fógra ón gCoimisiún – Treoirlínte ina dtugtar comhthuiscint ar an téarma 'damáiste don chomhshaol' mar a shainmhínítear é in Airteagal 2 de Threoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas], (IO C 118, 7.4.2021, lgh. 1-49).

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI rún an Choimisiúin meastóireacht a dhéanamh, faoi 2023, ar oiriúnacht na Treorach maidir le Dliteanas Comhshaoil don fheidhm agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh, sa mheastóireacht a dhéanfaidh sé ar an Treoir agus ar na gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann léi, ar chritéir na Treorach maidir le Dliteanas Comhshaoil a fhorbairt maidir leis an damáiste don chomhshaol a shainiú ar cheart an Treoir a chur i bhfeidhm ina leith, go háirithe i ndáil le huisce agus ithir;

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCúirt agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an raon feidhme maidir le hathruithe reachtacha lena cheanglófaí ar oibreoirí slándáil airgeadais a bheith ann le haghaidh rioscaí comhshaoil;

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur úsáideadh cistí an Aontais chun an truailliú dílleachtach a ghlanadh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach féidir ach cistí poiblí a úsáid ó am go chéile le truailliú dílleachtach a ghlanadh chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint;

17. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a áirithiú nach n-úsáidtear cistí poiblí náisiúnta ná cistí an Aontais chun glanadh truaillithe a mhaoiniú ach ar choinníoll go ndearnadh gach beart is gá chun muirear a ghearradh ar údar an truaillithe as an truailliú as a bhfuil siad freagrach; mar sin féin, CUIREANN SÍ I dTREIS nár cheart go dtiocfadh laghdú ar chistí an Aontais chun dul i ngleic le díghrádú comhshaoil nó chun réitigh nuálacha a thástáil i ndáil leis sin, i gcás ina mbeidh údar maith leis sin.

---